
# CLÁR


| | |
|---|---|
| RÁITEAS FÍSE | 2 |
| MAOINIÚ, COISTÍ & FOIREANN | 3 |
| FOCAL ÓN gCATHAOIRLEACH | 4 |
| BUAICPHOINTÍ GHAILLIMH LE GAEILGE, 2013 | 5 |
| 1. STÁDAS DÁTHEANGACH | 7 |
| 2. GRADAM SHEOSAIMH UÍ ÓGARTAIGH 2013 | 8 |
| 3. AN GHAEILGE SA GHNÓ | 10 |
| 4. AN COISTE LOGAINMNEACHA | 12 |
| 5. GAEILGE À LA CARTE | 13 |
| 6. SCÉIM CHAIRDE GHAILLIMH LE GAEILGE | 14 |
| 7. ÓCÁIDÍ CHAIRDE GHAILLIMH LE GAEILGE | 15 |
| 8. CRUINNITHE/CUR I LÁTHAIR/TRAENÁIL/SEIMINEÁIR | 18 |
| 9. SUÍOMH GRÉASÁIN & NA MEÁIN SHÓISIALTA | 19 |
| 10. POIBLÍOCHT | 20 |
| DLÚTHCHAIRDE GHAILLIMH LE GAEILGE 2013 | 22 |

# RÁITEAS FÍSE

**Tá ár bhfís do Ghaillimh le Gaeilge fite fuaite lenár bhfís don Ghaeilge i gCathair na Gaillimhe. Feicimid go mbraitheann siad araon ar a chéile – nach féidir teacht ar cheann acu gan an ceann eile agus nach féidir ceann a bhaint amach gan an ceann eile a bhaint amach.**

## ÁR BHFÍS:

Tá léirmhíniú comhaontaithe maidir leis an dátheangachas ag Gaillimh le Gaeilge agus ag páirtithe leasmhara lárnacha i nGaillimh. Oibríonn Gaillimh le Gaeilge leis na páirtithe leasmhara lárnacha sin, chun forbairt leanúnach Chathair na Gaillimhe mar chathair dhátheangach a leagan amach. Cuireann stádas oifigiúil dátheangach na Gaillimhe le mórtas cine agus le féiniúlacht mhuintir na Gaillimhe. Cuireann sé le híomhá na Gaillimhe agus le féinmheas mhuintir na Gaillimhe. Tá sochair shóisialta agus sochair ábhartha ag baint le stádas dátheangach na Gaillimhe.

## PÁIRTÍOCHT:

Tá na struchtúir chuí ag na grúpaí seo, agus ag grúpaí eile mar iad, chun rannpháirtíocht fhorleathan a chinntiú i measc phobail éagsúla na Cathrach. Ní mór do Ghaillimh le Gaeilge ionadaíocht a choinneáil orthu sna blianta amach romhainn. Caithfidh Gaillimh le Gaeilge a bheith ar an eolas faoi aon ghrúpa eile a bheidh ag teacht chun cinn i gCathair na Gaillimhe. Caithfidh Gaillimh le Gaeilge teagmháil a chothú le scátheagraíochtaí, le grúpaí gnó agus le pobail éagsúla fheiliúnacha chun cuidiú le forfheidhmiú an dátheangachais sa chathair. Ar na heagraíochtaí a bhfuil Gaillimh le Gaeilge páirteach iontu, áirítear:

- An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
- Comhairle Cathrach na Gaillimhe
- Cumann Tráchtála na Gaillimhe
- Cumann Gnó Chathair na Gaillimhe
- Fáilte Ireland - Réigiún an Iarthair
- Fáilte West
- Galway Vision 2040 – Fís gan Teorainn
- Latin Quarter – Fáilte Isteach
- Galway's West End – Tar Siar
- Cónaidhm Óstán na hÉireann
- Cumann Fíoncheannaithe na hÉireann

Tá ionadaíocht ag Gaillimh le Gaeilge ar:

- Fóram Pobail Chathair na Gaillimhe
- Grúpa Turasóireachta Chathair agus Chontae na Gaillimhe
- Network Galway (Grúpa do Mhná Gairmiúla agus Gnó)
- Network Chonamara

## MAOINIÚ:

Tá Gaillimh le Gaeilge á maoiniú ag an gCrannchur Náisiúnta tríd an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus tríd an Scéim Cairde i gcomhar le Cumann Tráchtála na Gaillimhe. Tá sí cláraithe ina cuideachta theoranta le stádas carthanachta agus dá bhrí sin ina cuideachta nach do bhrabús í.

# MAOINIÚ, COISTÍ & FOIREANN



Tá triúr fostaithe go lánaimseartha ag Gaillimh le Gaeilge agus is é an Bord, le deichniúr Stiúrthóirí, a leagann an polasaí amach. Déanann Coiste Stiúrtha Gaillimh le Gaeilge a stiúradh, le hionadaithe ó na Rannóga Poiblí agus Príobháideacha, agus eagrais pobail agus comhlachtaí príobháideacha.

## COISTE STIÚRTHA GHAILLIMH LE GAEILGE

| | |
|---|---|
| An Dr Iognáid Ó Muircheartaigh | Uachtarán/President Emeritus (Cathaoirleach)<br>Ollscoil na hÉireann, Gaillimh |
| Andrew D'Arcy | Iar-Cheann Forbartha, Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe / Maigh Eo |
| Seán Stewart | Stewart |
| Bernadette Mullarkey | Stiúrthóir, Bane Mullarkey |
| Joe Greaney | Stiúrthóir, WESTBIC |
| Máire Mhic Aodha | Leas-Bhainisteoir, Banc na hÉireann |
| Pádraic Ó Ráighne | Feidhmeannach Margaíochta TG4 |
| Caitlín Nic an Ultaigh | Ceannasaí Bainistíochta, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge,<br>Ollscoil na hÉireann, Gaillimh |
| Uinseann Mac Thómais | Pleanálaí Teanga |
| Pádraig Ó Beaglaoich | Iar-Phríomh Oifigeach sa Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta |

## AN COISTE LOGAINMNEACHA:

| | |
|---|---|
| Christy Kelly | Iar-Phríomhtheicneoir, Comhairle Cathrach na Gaillimhe |
| Séamas Ó Gráda | (Leas-Chathaoirleach) Iar-Fhostaí, An Post |
| An Comhairleoir John Mulholland | Iar-Chomhairleoir, Comhairle Cathrach na Gaillimhe |
| An Comhairleoir Tom Costello | Comhairle Cathrach na Gaillimhe |
| Peadar O'Dowd | Staraí |
| An Dr Nollaig Ó Muraíle | Ollscoil na hÉireann, Gaillimh |
| Breanndán Ó Súilleabháin | Iar–Oifigeach sa Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta |
| Jim Higgins | Comhairle Cathrach na Gaillimhe |
| Ailish Rohan | Comhairle Cathrach na Gaillimhe |
| Séamas Mac Coitir | Gleann na Coille |
| Bríd Ní Chonghóile | Gaillimh le Gaeilge |

## AN FHOIREANN:

| | |
|---|---|
| Ardfheidhmeannach | Bríd Ní Chonghóile |
| Bainisteoir Tograí | Gearóidín Ní Ghioballáin |
| Riarthóir Oifige | Mícheál Ó Ceallaigh |

# FOCAL ÓN gCATHAOIRLEACH

## IOGNÁID G. Ó MUIRCHEARTAIGH, *MA PhD DSc LLD*
*Uachtarán/President Emeritus Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.*



Bhí bliain ghnóthach agus tháirgiúil againn in 2013. Lean muid ar aghaidh ag cur le húsáid na Gaeilge i gCathair na Gaillimhe: d'úsáid 25 gnólacht ár seirbhís 'Gaeilge sa Ghnó' in 2013 – seo méadú de 20% ó 2012 – agus bhí an t-éileamh ar ár seirbhísí aistriúcháin suas 54.6% ó 2012.

Choimisiúnaigh Gaillimh le Gaeilge tuairisc 'I dTreo Stádas Dátheangach do Chathair na Gaillimhe' i mí an Mhárta 2013. Is é príomhthátal na tuarascála seo ná go bhfuil Cathair na Gaillimhe suite go maith chun a cáilíochtaí mar chathair dhátheangach a bhaint amach: tá 75% de phobal na Gaillimhe den tuairim go mbeadh stádas dátheangach tairbheach do Chathair na Gaillimhe agus aontaíonn suas le 70% gur gné thábhachtach den gheilleagar áitiúil í an Ghaeilge. Déantar moltaí sonracha sa tuairisc maidir leis na hearnálacha gnó agus turasóireachta, bunscoileanna agus meánscoileanna, an Ghaeilge a úsáid i seirbhísí eaglasta, san earnáil phoiblí agus dheonach, in earnáil na n-ealaíon agus na siamsaíochta agus sna meáin áitiúla.

D'éirigh thar barr le Gradam Sheosaimh Uí Ógartaigh - Gradam Gnó Dátheangach na Gaillimhe arís i mbliana le 13 ghnólacht nua istigh ar an nGradam den chéad uair, rud a léiríonn an t-ardleibhéal suime agus rannpháirtíochta ón bpobal sa Ghradam. D'fhógair Méara Chathair na Gaillimhe, an Comhairleoir Terry O'Flaherty, an Galleon Restaurant mar bhuaiteoir iomlán Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh 2013.

Sa bhliain atá amach romhainn, leanfaimid ar aghaidh ag comhoibriú le muintir na Gaillimhe d'fhonn stádas dátheangach a bhaint amach don Chathair. Fáiltíonn Gaillimh le Gaeilge roimh na deiseanna a bheidh ar fáil do phobal na Cathrach faoi na forálacha sa Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge agus san Acht Gaeltachta 2012, ach creidimid go bhfuil gá le scéim aitheantais faoi leith chun freastal ar riachtanais Chathair na Gaillimhe agus Cathracha agus bailte eile cosúil léi ar mian leo, ar bhonn corparáideach agus eile, feidhmiú mar chathracha dátheangacha.

Gach rath,



Dr Iggy Ó Muircheartaigh

# BUAICPHOINTÍ GHAILLIMH LE GAEILGE, 2013



# BUAICPHOINTÍ GHAILLIMH LE GAEILGE 2013

## STÁDAS DÁTHEANGACH A BHAINT AMACH DO CHATHAIR NA GAILLIMHE. NORMALÚ NA GAEILGE I GCATHAIR NA GAILLIMHE A CHUR CHUN CINN TRÍ MHODHANNA SCRÍOFA, CLUASTUISCEANA, LEICTREONACHA AGUS LABHARTHA.

Tá sé mar aidhm ag Gaillimh le Gaeilge go mbeidh an Ghaeilge le cloisteáil, le feiceáil agus á húsáid i gCathair na Gaillimhe mar ghnáthchuid de shaol na Cathrach. Tá sé i gceist againn atmaisféar den normalú teanga a bhunú don Ghaeilge de réir a chéile agus go nglacfar leis an nGaeilge agus go mbeidh súil leis an nGaeilge i saol bríomhar na Cathrach.

Síneann normalú teanga isteach i ngach cuid den Chathair agus bíonn tionchar aige ar gach gné de shaol na Cathrach – ó bheith ag ceannach builín go teach a cheannach. Is éard a bheidh i gceist leis ná an Ghaeilge a úsáid trí shreanga uile an tsaoil, ó leibhéal an ghnó go leibhéal an phobail agus ón leibhéal poiblí go dtí an leibhéal príobháideach.

Ní hé go bhfuil sé i gceist go mbeadh an Ghaeilge éigeantach, ach go nglacfaí leis an nGaeilge mar ghnáthchuid de shaol na Gaillimhe nuair a fheicfear í, nuair a chloisfear í agus nuair a labhrófar í. Is laistigh de thimpeallacht normalaithe teanga a shamhlaíonn Gaillimh le Gaeilge cothú agus fás sláintiúil na Gaeilge.

Tá tograí áirithe idir lámha ag Gaillimh le Gaeilge chun an sprioc thuas a bhaint amach; ina measc tá:

1. **STÁDAS DÁTHEANGACH**
2. **GRADAM SHEOSAIMH UÍ ÓGARTAIGH**
3. **AN GHAEILGE SA GHNÓ**
4. **AN COISTE LOGAINMNEACHA**
5. **GAEILGE À LA CARTE**
6. **SCÉIM CHAIRDE GHAILLIMH LE GAEILGE**
7. **ÓCÁIDÍ CHAIRDE GHAILLIMH LE GAEILGE**
8. **CRUINNITHE/CUR I LÁTHAIR/TRAENÁIL/SEIMINEÁIR**
9. **SUÍOMH GRÉASÁIN & NA MEÁIN SHÓISIALTA**
10. **POIBLÍOCHT**



## 1 STÁDAS DÁTHEANGACH

Ag preasócáid chun Gearrliosta Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh a fhógairt, sheol Méara Chathair na Gaillimhe, Terry O'Flaherty, an tuairisc chomhairleach 'I dTreo Stádas Dátheangach do Chathair na Gaillimhe' ar urlár talún Ionad Siopadóireachta na Faiche Móire ar an Máirt, 12 Márta 2013.

Nochtaíodh sa tuairisc go raibh 75% de phobal na Gaillimhe den tuairim go mbeadh stádas dátheangach tairbheach do Chathair na Gaillimhe.

Maítear sa tuairisc go bhfuil Cathair na Gaillimhe suite go maith chun a cáilíochtaí mar chathair dhátheangach a bhaint amach, agus molann na húdair go ndéanfaí trasghearradh leathan ar shaol na Cathrach chun stádas dátheangach na Cathrach a láidriú. Déantar moltaí sonracha sa Tuarascáil maidir leis na hearnálacha gnó agus turasóireachta, bunscoileanna agus meánscoileanna, an Ghaeilge a úsáid i seirbhísí eaglasta, san earnáil phoiblí agus dheonach, in earnáil na n-ealaíon agus na siamsaíochta agus sna meáin áitiúla.

Tá an tuairisc chomhairleach seo le híoslódáil ag **www.gleg.ie**.



*Katie Shackleton, Edgecast Media (údar na tuairisce), Iggy Ó Muircheartaigh, Cathaoirleach Ghaillimh le Gaeilge, Seosamh Mac Donnacha, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge (údar na tuairisce), Aindriú D'Arcy, Stiúrthóir Ghaillimh le Gaeilge, agus Maria Moynihan Lee, Edgecast Media (údar na tuairisce).*



*I láthair ag an bpreasócáid bhí: ar chúl ó chlé; Declan Varley, Galway Advertiser, Aindriú D'Arcy, Stiúrthóir Ghaillimh le Gaeilge, Seán Stewart, Stiúrthóir Ghaillimh le Gaeilge, Seán Ó Leidhinn, An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Seosamh Mac Donnacha, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge (údar na tuairisce), Katie Shackleton, Edgecast Media (údar na tuairisce). Chun tosaigh; Iggy Ó Muircheartaigh, Cathaoirleach Ghaillimh le Gaeilge, Méara Chathair na Gaillimhe, an Comhairleoir Terry O'Flaherty agus Maria Moynihan Lee, Edgecast Media (údar na tuairisce).*

# BUAICPHOINTÍ GHAILLIMH LE GAEILGE 2013

## STÁDAS DÁTHEANGACH A BHAINT AMACH DO CHATHAIR NA GAILLIMHE. NORMALÚ NA GAEILGE I gCATHAIR NA GAILLIMHE A CHUR CHUN CINN TRÍ MHODHANNA SCRÍOFA, CLOSTUISCEANA, LEICTREONACHA AGUS LABHARTHA

2

### GRADAM SHEOSAIMH UÍ ÓGARTAIGH 2013

Tá sé de sprioc ag Gradam Sheosaimh Uí Ógartaigh aitheantas a thabhairt do chomhlachtaí agus d'eagraíochtaí i gCathair na Gaillimhe a thaispeánann an Ghaeilge in úsáid ar bhealach dáiríre, cruthaitheach agus feiceálach ina ngnó/eagraíocht agus a léiríonn an tionchar atá aige seo ar an bhfoireann agus ar íomhá dhátheangach na cathrach. Eagraíonn Gaillimh le Gaeilge Gradam Sheosaimh Uí Ógartaigh i gcomhar leis an Galway Advertiser agus le tacaíocht ó Chumann Tráchtála na Gaillimhe. Ainmníodh an Gradam in onóir an Uasail Sheosaimh Uí Ógartaigh (nach maireann), ball bunaithe agus rúnaí cuideachta Ghaillimh le Gaeilge.

#### Tráthnóna Eolais faoin nGradam

D'eagraigh Gaillimh le Gaeilge, i bpáirt le buaiteoir Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh na bliana anuraidh, Employ*Ability* Galway, Tráthnóna Eolais faoin nGradam ar an 29 Eanáir 2013 in Óstán an Carlton, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Gaillimh.

#### Moltóirí an Ghradaim

Ba iad moltóirí an Ghradaim ná: An tOllamh Ciarán Ó hÓgartaigh, Déan Scoil Ghnó - Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, Siubhán Nic Grianna, Údarás na Gaeltachta, Áine Ní Chiaráin, Saoririseoir agus ball Bhord Fhoras na Gaeilge agus Aindriú D'Arcy, Stiúrthóir Ghaillimh le Gaeilge.



*Siubhán Nic Grianna, Údarás na Gaeltachta (urra agus Moltóir an Ghradaim), Anne Melia, Fáilte Ireland (Urra an Ghradaim), Méara Chathair na Gaillimhe, an Comhairleoir Terry O'Flaherty, Tríona Nic Giolla Rí, ARÓ (Urra an Ghradaim), Treasa Uí Lorcáin, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na hÉireann Gaillimh (Urra an Ghradaim) i láthair ag Tráthnóna Eolais faoi Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh a bhí ar siúl in Óstán an Carlton, Br Bhaile Átha Cliath, Gaillimh.*



*Seán Stewart, Stewart agus Stiúrthóir Ghaillimh le Gaeilge, Méara Chathair na Gaillimhe, an Comhairleoir Terry O'Flaherty, Alison McArdle, An Cupán Tae agus Uachtarán Chumann Tráchtála na Gaillimhe Declan Dooley i láthair ag Tráthnóna Eolais faoi Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh a bhí ar siúl in Óstán an Carlton.*

### GRADAM SHEOSAIMH UÍ ÓGARTAIGH 2013

Ghlac **21 gnó páirt** sa Ghradam, agus orthu sin bhí **13 chomhlacht nua istigh ar an nGradam den chéad uair in 2013**. Is iad seo a leanas na comhlachtaí a chuir isteach ar an nGradam in 2013:

#### Miondíol:

McCambridge's of Galway, GalMac Computers Ltd., Ollmhargadh na Seoighe, The Great Outdoors.

#### Fáilteachas & Turasóireacht:

Corrib Princess, Cupán Tae, Óstán an Ardoileáin, The Galleon, Viña Mara Restaurant, Woodhaven Lodge.

#### Seirbhísí:

Brendan James Financial Services, Colette Kelly Optometrist, Kemple Gormley Solicitors, Sew n' Sew, Tax Assist Accountants, The Organic Gardner Galway, Tí Tighe Fascinators & Fáiscín.

#### Comhlachtaí Eile:

Ionad Éigeandála um Éigniú, Ionad na Faiche Móire, Macnas, Oxfam.



## BRONNADH AN GHRADAIM

D'fhógair Méara Chathair na Gaillimhe, an Comhairleoir Terry O'Flaherty, An Galleon, mar bhuaiteoir iomlán Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh 2013 in Óstán Chuan na Gaillimhe, Bóthar na Trá, Déardaoin 18 Aibreán 2013. Fógraíodh An Galleon mar bhuaiteoirí ar an gcatagóir 'Fáilteachas agus Turasóireachta' urraithe ag Fáilte Ireland agus chuaigh siad ar aghaidh ansin chun an Gradam iomlán a bhaint amach. Fógraíodh McCambridge's of Galway mar bhuaiteoirí ar an gcatagóir 'Miondíol' urraithe ag Galway Bay FM, Colette Kelly Radharceolaí, mar bhuaiteoirí ar an gcatagóir 'Seirbhísí' urraithe ag Snap Galway agus Ionad na Faiche Móire mar bhuaiteoirí ar an gcatagóir 'Comhlachtaí Eile' urraithe ag Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

Rinneadh físeán den Ghearrliosta don chéad uair i gcomhpháirtíocht le www.galway.com. Scaipeadh an fhíseán ar an nGearrliosta go léir agus d'uaslódáil siad é ar a gcuid meán shóisialta. Cuireadh pacáiste poiblíochta le chéile agus seoladh é chuig urraí uile Ghradam 2013.




*Máire Killoran, Stiúrthóir na Gaeilge ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Iggy Ó Muircheartaigh, Cathaoirleach Ghaillimh le Gaeilge, Orla Kyne, An Galleon, Méara Chathair na Gaillimhe an Comhairleoir Terry O'Flaherty, Geraldine Lyons, Catherine Conneely, An Galleon agus Declan Dooley, Uachtarán Chumann Tráchtála na Gaillimhe i láthair ag Bronnadh Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh 2013 in Óstán Chuan na Gaillimhe.*

## URRAÍ AN GHRADAIM:

Galway Advertiser

D'ARCY MARKETING & PR — Fáilte Ireland National Tourism Development Authority — Galway Bay FM — OÉ Gaillimh NUI Galway — sn@p print design websites

ARÚ DIGITAL STRATEGY — Galway Chamber — Údarás na Gaeltachta

# BUAICPHOINTÍ GHAILLIMH LE GAEILGE 2013

## STÁDAS DÁTHEANGACH A BHAINT AMACH DO CHATHAIR NA GAILLIMHE. NORMALÚ NA GAEILGE I gCATHAIR NA GAILLIMHE A CHUR CHUN CINN TRÍ MHODHANNA SCRÍOFA, CLOSTUISCEANA, LEICTREONACHA AGUS LABHARTHA

3

### AN GHAEILGE SA GHNÓ

**Tá an tseirbhís 'Gaeilge sa Ghnó' ann chun comhlachtaí a threorú tríd an bpróiseas chun Gaeilge a shní isteach ina ngnó, is cuma an beagáinín Gaeilge nó gnó iomlán dátheangach atá uathu. Déanann Gaillimh le Gaeilge athbhreithniú ar an ngnó ó thaobh a íomhá de, comharthaíocht, ábhar margaíochta, ábhar fógraíochta, srl., agus déanfar scrúdú ar na féidearthachtaí i leith úsáid na Gaeilge.**

In 2013, lean muid ar aghaidh ag cur le húsáid na Gaeilge i gCathair na Gaillimhe: d'úsáid 25 gnólacht ár seirbhís **'Gaeilge sa Ghnó'**, seo **méadú 20% ó 2012**, agus bhí an t-éileamh ar ár **seirbhísí aistriúcháin suas 54.6% ó 2012**.
Cuireadh an tseirbhís 'Gaeilge sa Ghnó' **ar fáil do 25 comhlacht in 2013**:

**An tIonad Éigeandála Um Éigniú, Brasserie On The Corner, Brendan James Financial Services, CARA Pharmacy, Claddagh Craft Centre, Colette Kelly Optometry, Corrib Princess, CPL Gaillimh, Cupán Tae, Galmac Computers Ltd., Great Outdoors, Home Instead Senior Care, iSupply, Ionad Na Faiche Móire, Jigsaw, Joyce's Supermarket, Londis/Subway - An tSráid Ard, Macnas, Martine's Winebar, Óstán An Ardoileáin, Oxfam, Supervalu – An Baile Bán, The Galleon, WA Café, Woodhaven Lodge**

De thoradh na seirbhíse seo, d'úsáid **20 ngnó an Ghaeilge** ina gcuid **gnólachtaí ar bhealaí éagsúla**. Is iad sin:

**An tIonad Éigeandála Um Éigniú, Brasserie On The Corner, Brendan James Financial Services, CARA Pharmacy, Colette Kelly Optometry, Corrib Princess, Cupán Tae, Galmac Computers Ltd., Great Outdoors, Home Instead Senior Care, iSupply, Ionad Na Faiche Móire, Jigsaw, Joyce's Supermarket, Macnas, Óstán An Ardoileáin, Oxfam, Supervalu – An Baile Bán, The Galleon, Woodhaven Lodge**

D'úsáid **12 ngnó Gaeilge** ina gcuid **comharthaíochta**:

**An tIonad Éigeandála Um Éigniú, An Galleon, Radharceolaí Colette Kelly, CARA Pharmacy, Home Instead Senior Care, iSupply, Ionad Na Faiche Móire, Jigsaw, Oxfam, Óstán An Ardoileáin, Woodhaven Lodge, Galmac Computers Ltd**

D'úsáid **5 ghnó Gaeilge** ina gcuid **biachlár**:


**Brasserie on the Corner, Cupán Tae, Óstán an Ardoileáin, The Galleon, Woodhaven Lodge**

D'úsaid **6 ghnó Gaeilge** ina gcuid **stáiseanóireachta**:

**Óstán an Ardoileáin, An Bóthar Ard, Home Instead Senior Care, An Pháirc Mhór, An Galleon, Bóthar na Trá, Radharceolaí Colette Kelly, An tSráid Láir**




*Radharceolaí Colette Kelly, An tSráid Láir*




*Ionad na Faiche Móire, An Fhaiche Mhór*



*Woodhaven Lodge, Pairc Mheirlinne*



*Óstán an Ardoileáin, An Bóthar Ard*



*An Galleon, Bóthar na Trá*



D'úsáid **5 ghnó Gaeilge** ar a gcuid **suíomhanna gréasáin** agus ar a gcuid **síniúcháin ríomhphoist**:

**Cupán Tae, Home Instead Senior Care, Ionad na Faiche Móire, Macnas, The Galleon**

D'úsáid **2 ghnó Gaeilge** ar a gcuid **córas fógartha poiblí**:

**Corrib Princess, Ionad na Faiche Móire**

## SEIRBHÍS AISTRIÚCHÁIN AN CHOMHLACHTA:

De thoradh na seirbhíse seo, rinneadh aistriúchán ginearálta ar 25,227 do ghnólachtaí i gCathair na Gaillimhe agus rinneadh aistriúchán ar 3,392 focal ar bhiachláir do bhialanna agus d'óstáin na cathrach in 2013.

D'úsáid 14 ghnó an Ghaeilge de bharr na seirbhíse aistriúchán seo:

**Candleworks, Claddagh & Celtic Jewellers, Corrib Medical Centre – Ionad Leighis na Coiribe, Cumann Tráchtála na Gaillimhe, Féile Oisrí na Gaillimhe, Fuji Film, Galway Food Festival, Galway Harbour, GMIT, Snap Galway, Tacsaithe na Gaillimhe, Tax Assist Accountants, Tesco, The Connacht Hotel**




*Bríd Ní Chonghóile, Ardfheidhmeannach Ghaillimh le Gaeilge, Cllr Niall McNelis, Claddagh & Celtic Jewellery, John Herrick, Lithritheoir Fógraí, agus Judy Greene, Judy Greene Pottery lasmuigh den Siopa Claddagh & Celtic Jewellery agus chomharthaíocht nua a cuireadh suas i rith na bliana.*



*Radharceolaí Colette Kelly, An tSráid Láir*




*Féile Bia na Gaillimhe 2013*




*Ionad Leighis na Coiribe, Sráid an Mhuilinn.*

# BUAICPHOINTÍ GHAILLIMH LE GAEILGE 2013

## STÁDAS DÁTHEANGACH A BHAINT AMACH DO CHATHAIR NA GAILLIMHE. NORMALÚ NA GAEILGE I GCATHAIR NA GAILLIMHE A CHUR CHUN CINN TRÍ MHODHANNA SCRÍOFA, CLOSTUISCEANA, LEICTREONACHA AGUS LABHARTHA

### AN COISTE LOGAINMNEACHA

4

I rith 2013, shocraigh Comhairle Cathrach na Gaillimhe i gcomhar le Gaillimh le Gaeilge An Coiste Logainmneacha a athbhunú agus téarmaí tagartha an Choiste a leathnú.

Leanfar ar aghaidh ag ainmniú eastáit tithíochta nua i nGaeilge amháin agus go n-ainmnófaí páirceanna gnó, ionad pobail agus bóithre go dhátheangach nó i nGaeilge amháin nuair is cuí.

**Seo a leanas na hainmneacha a faomhadh le linn 2013:**

- **Páirc na Ceapaí – Cappagh Park**
- **Coillte Bhearna**
- **Loch an Roisín – Lough Rusheen**
- **Ionad Pobail Chnoc na Cathrach – Knocknacarra Community Centre**














5

## GAEILGE À LA CARTE

**An Earnáil Fáilteachais agus Turasóireachta:**
Mar gheall ar an gcáil atá ar Chathair na Gaillimhe mar chathair dhátheangach, is minic a thagann grúpaí nó eagraíochtaí Gaeilge chuig an gcathair mar gheall ar an teanga. De bharr an éilimh seo, chuir Gaillimh le Gaeilge i gcomhar le bialanna na Gaillimhe liosta le chéile de na bialanna a chuireann biachlár dátheangach ar fáil go leanúnach. Bíonn Lón Gnó Ghaillimh le Gaeilge, a eagraítear go míosúil, sna bialanna atá liostaithe.

Tá 15 bialann liostáilte ar shuíomh ghréasáin Ghaillimh le Gaeilge, www.gleg.ie mar bhialanna le biachláir dhátheangacha.

Seo a leanas na bialanna le biachláir dhátheangacha i gcathair na Gaillimhe:

**Béar & Bialann Lohans**
**Bialann GBC**
**Cupán Tae**
**Galway Bay Hotel**
**Menlo Park Hotel**
**Monroe's Tavern**
**Teach na Céibhe**
**The Galleon Restaurant**

Seo a leanas na bialanna le biachláir a bhfuil ceannteidil dhátheangacha orthu i gcathair na Gaillimhe:

**Bácús Uí Ghríofa**
**Brasserie on the Corner**
**Cellar Bar**
**Connacht Hotel- Bar Solo**
**Eat at Massimo**
**Pillo Hotel**
**Tigh Taaffes**









# BUAICPHOINTÍ GHAILLIMH LE GAEILGE 2013

## STÁDAS DÁTHEANGACH A BHAINT AMACH DO CHATHAIR NA GAILLIMHE. NORMALÚ NA GAEILGE I gCATHAIR NA GAILLIMHE A CHUR CHUN CINN TRÍ MHODHANNA SCRÍOFA, CLOSTUISCEANA, LEICTREONACHA AGUS LABHARTHA

6

### SCÉIM CHAIRDE GHAILLIMH LE GAEILGE


CAIRDE GHAILLIMH LE GAEILGE

**TACAÍOCHT MHUINTIR NA GAILLIMHE DO CHUR CHUN CINN NA GAEILGE SA CHATHAIR**


Bhunaigh Gaillimh le Gaeilge an scéim Cairde Ghaillimh le Gaeilge in 2001 i gcomhar le Cumann Tráchtála na Gaillimhe chun freastal ar éileamh an phobail ar sheirbhísí Ghaillimh le Gaeilge agus mar thoradh ar riachtanais forbartha.

Tá baill Cairde ann as gach earnáil ghnó i gCathair na Gaillimhe, lena n-áirítear seirbhísí miondíolacháin agus seirbhísí airgeadais mar aon leis na hearnálacha turasóireachta agus fáilteachais, iompair agus corparáideacha.

Tá os cionn 400 duine ar phostliosta Ghaillimh le Gaeilge.




*Figiúr 6.1: Cairde Ghaillimh le Gaeilge 2013 de réir na hearnálacha gnó*




*Figiúr 6.2: Briseadh síos na réimsí Cairde*



7

## ÓCÁIDÍ CHAIRDE GHAILLIMH LE GAEILGE

D'eagraigh Gaillimh le Gaeilge 5 lón gnó agus 6 ócáid neamhfhoirmeálta eile i rith 2013, agus bhí tinreamh ard ag na hócáidí seo go léir. Eagraíonn Gaillimh le Gaeilge a gcuid lónta gnó rialta in óstáin agus bialanna a chuireann biachláir dhátheangacha ar fáil agus atá páirteach sa scéim Gaeilge À La Carte. Tugann na hócáidí neamhfhoirmiúla seo deis do dhaoine a gcuid Gaeilge a úsáid nó a chleachtadh agus cairde agus teagmhálaithe gnó a dhéanamh!

## IMEACHTAÍ LÓN GNÓ

| | |
|---|---|
| An Chéad Lón Gnó de 2013 | **Monroe's Tavern** |
| Lón Gnó Mhí Feabhra | **Malt House Restaurant** |
| Lón Gnó Mhí na Bealtaine | **Óstán an Meyrick** |
| Lón Gnó Mhí Mheán Fómhair | **Óstán an Park House** |
| Lón Gnó Mhí na Samhna | **Vina Mara** |

## IMEACHTAÍ EILE

| | |
|---|---|
| Tráthnóna Eolais faoi Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh 2013 – mí Eanáir | **Óstán an Carlton** |
| Grúpaí Fócas chun maoiniú breise a aimsiú don eagraíocht – mí Eanáir | **Cumann Tráchtála na Gaillimhe** |
| Fógairt Ghearrliosta Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh 2013 – mí Márta | **Ionad na Faiche Móire** |
| Bronnadh Ghradam Sheosaimh Uí Ógartaigh 2013 – mí Aibreáin | **Óstán Chuan na Gaillimhe** |
| Fulacht Fia an tSamhraidh 2013 – mí Meithimh | **Óstán an Ardoileáin** |
| Teacht le Chéile na Nollag – mí na Nollag | **Óstán an Park House** |




*Bairbre Uí Mháille, Máire Ní Chonraí, Bridget Edwards agus Fred Blighe (Bainisteoir Óstán an Meyrick) ag freastal ar Lón Gnó Mhí na Bealtaine Ghaillimh le Gaeilge in Óstán an Meyrick.*




*Clíona Standún, Standún, Michael O' Hare, OPTiM Financial Solutions agus Freda Nic Giolla Cháthain, Bainisteoir na Taibhdheirce ag freastal ar Lón Gnó Mhí na Bealtaine Ghaillimh le Gaeilge in Óstán an Meyrick.*

*Figiúr 6.2: Briseadh síos Chairde Ghaillimh le Gaeilge 2013*

# STÁDAS DÁTHEANGACH A BHAINT AMACH DO CHATHAIR NA GAILLIMHE. NORMALÚ NA GAEILGE I gCATHAIR NA GAILLIMHE A CHUR CHUN CINN TRÍ MHODHANNA SCRÍOFA, CLOSTUISCEANA, LEICTREONACHA AGUS LABHARTHA

## FULACHT FIA CHAIRDE GHAILLIMH LE GAEILGE 2013

Eagraíonn Gaillimh le Gaeilge Fulacht Fia bliantúil mar chríoch oifigiúil ar imeachtaí shóisialta na heagraíochta go dtí an Fhómhar. Tugann an ócáid seo deis do Ghaillimh le Gaeilge buíochas a ghabháil le gach duine a thugann tacaíocht don ghluaiseacht le Cathair na Gaillimhe a chur chun cinn mar chathair dhátheangach agus chun stádas dátheangach a bhaint amach don Chathair. Bhí os cionn 100 de chairde Ghaillimh le Gaeilge i láthair don ócáid a bhí ar siúl in Óstán an Ardoileáin ar an 20 Meitheamh 2013. Bhí áthas orainn gur lean na hurraí reatha, an comhlacht tógála Stewarts, Údarás na Gaeltachta agus Ollmhargadh na Seoighe lena dtacaíocht dúinn arís i mbliana.



*Ashling Leonard, Erin McDonnell agus Emma O' Donnell, iad trúir ó Ollmhargadh na Seoighe (Urra an "Fulacht Fia") ag baint suilt as Fulacht Fia Chairde Ghaillimh le Gaeilge in Óstán an Ardoileáin, An Bóthar Ard, Gaillimh.*




*Pat Joyce, Ollmhargadh na Seoighe (urra an "Fulacht Fia"), Anthony Ryan, Cathaoirleach, Cumann Gnó Chathair na Gaillimhe, Méara Chathair na Gaillimhe, an Comhairleoir, Terry O'Flaherty, Steve Ó Cúláin, Príomhfheidhmeannach Údarás na Gaeltachta (urra an "Fulacht Fia"), Paul Stewart, Stewart (urra an "Fulacht Fia") agus Aodhán Mac Cormaic, An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta ag baint suilt as Fulacht Fia Chairde Ghaillimh le Gaeilge in Óstán an Ardoileáin, An Bóthar Ard, Gaillimh. Rinne Ollmhargadh na Seoighe, Stewart agus Údarás na Gaeltachta urraíocht ar an bhFulacht Fia.*




*An Comhairleoir Tom Costello, an Comhairleoir Nuala Nolan, Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Kieran Cunningham, Stewart agus Kieran O'Connor, Stewart (urra an "Fulacht Fia") ag baint suilt as Fulacht Fia Chairde Ghaillimh le Gaeilge in Óstán an Ardoileáin, An Bóthar Ard, Gaillimh.*

### Urraí an Fhulachta Fia:

Stewart
Building For Over 100 Years

Údarás na Gaeltachta

JOYCE'S
paiseanta faoi bhia



## TEACHT LE CHÉILE NA NOLLAG 2013 DO CHAIRDE GHAILLIMH LE GAEILGE

Eagraíonn Gaillimh le Gaeilge an ócáid seo gach uile bhliain chun buíochas a ghabháil le Cairde Ghaillimh le Gaeilge agus leo siúd a chuidigh le Gaillimh le Gaeilge in aon bhealach an Ghaeilge a chur chun cinn i gCathair na Gaillimhe.

Bhí Teacht le Chéile na Nollag ar siúl in Óstán an Park House, Sráid Forster ar an 19 Nollaig 2013.

Ag an ócáid d'fhógair Méara Chathair na Gaillimhe, an Comhairleoir Pádraig Conneely go mbeadh Comhairle Cathrach na Gaillimhe ag tabhairt €50,000 do Ghaillimh le Gaeilge. Chuir Gaillimh le Gaeilge fáilte roimh an tacaíocht riachtanach seo don eagraíocht. Cuideoidh sé seo leis an eagraíocht leanúint ar aghaidh leis an obair atá ar siúl acu ag cur Gaillimh chun cinn mar chathair dhátheangach.



*Seosamh Mac Donnacha, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, Iggy Ó Muircheartaigh, Cathaoirleach Ghaillimh le Gaeilge agus Seán Ó Leidhinn, An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta ag baint sult as 'Teacht le Chéile na Nollag' do Chairde Ghaillimh le Gaeilge.*



*Máire Uí Bheaglaoich, Antóin Ó Dorchaide agus Máiréad Ní Dhireáin ag baint sult as 'Teacht le Chéile na Nollag' do Chairde Ghaillimh le Gaeilge.*



*Steve Ó Cúláin, Príomhfheidhmeannach Údarás na Gaeltachta, Seán Stewart, Stewart, Méara Chathair na Gaillimhe, an Comhairleoir Pádraig Conneely, Iggy Ó Muircheartaigh, Cathaoirleach Ghaillimh le Gaeilge agus Jim Fennell, Uachtarán Chumann Tráchtála na Gaillimhe ag baint sult as 'Teacht le Chéile na Nollag' do Chairde Ghaillimh le Gaeilge.*



*Tomás Ó Domhnaill, Seán C. Ó Domhnaill & a Mhic Aturnaetha, Aonghus Sammin, Uasal, Úinéir, Bradán Consulting, agus Seán Ó Cearbhaill, Seán Ó Cearbhaill & Co. Aturnaetha ag baint sult as 'Teacht le Chéile na Nollag' do Chairde Ghaillimh le Gaeilge.*

# BUAICPHOINTÍ GHAILLIMH LE GAEILGE 2013

## STÁDAS DÁTHEANGACH A BHAINT AMACH DO CHATHAIR NA GAILLIMHE - NORMALÚ NA GAEILGE I GCATHAIR NA GAILLIMHE, A CHUR CHUN CINN TRÍ MHODHANNA SCRÍOFA, CLOSTUISCEANA, LEICTREONACHA AGUS LABHARTHA.

8


### CRUINNITHE/CUR I LÁTHAIR/TRAENÁIL/SEIMINEÁIR

Tá cumarsáid leanúnach agus rannpháirtíocht sa phobal i gcoitinne ríthábhachtach agus chuige sin freastalaíonn foireann Ghaillimh le Gaeilge ar imeachtaí gnó agus líonraithe a eagraítear i gCathair na Gaillimhe. Is cuid lárnach d'obair Ghaillimh le Gaeilge iad na cruinnithe seo chun eolas a scaipeadh agus úsáid na Gaeilge a chur chun cinn.

**Le linn 2013:**
D'fhreastail foireann Ghaillimh le Gaeilge ar 33 ócáid ghnó agus 74 cruinniú. Cuireadh feasacht teanga agus eolas ar úsáid na Gaeilge chun cinn ag na hócáidí agus ag na cruinnithe a ndearnadh freastal orthu.




*Bríd Ní Chonghóile agus Emma Nic Thomáis, Gaillimh le Gaeilge ag freastal ar Fhéile Mara na Gaillimhe.*



*An Comhairleoir Seosamh Ó Laoi, Comhairle Contae na Gaillimhe, Emma Nic Thomáis agus Bríd Ní Chonghóile, Gaillimh le Gaeilge agus Seamus Caulfield, Bord Fiontar Contae agus Cathrach na Gaillimhe ag freastal ar Chomhdháil 'Bright Blue Sea' in Óstán an G, Páirc an Tobair, Gaillimh*



*Emma Nic Thomáis agus Bríd Ní Chonghóile, Gaillimh le Gaeilge ag freastal ar an gComhdháil Idirnáisiúnta Cearta Teanga i mBaile Átha Cliath. Pléadh na leasaithe atá pleanáilte ar Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus an deis a bheidh ann i mbliana deireadh a chur leis an maolú ar stádas na Gaeilge mar theanga oibre oifigiúil san Aontas Eorpach.*




*Bríd Ní Chonghóile, Áine Ní Chiaráin, Caitríona Ní Shuilleabháin agus an Comhairleoir Thérèse Ruane (Comhaltaí Boird de chuid Fhoras na Gaeilge) ag freastal ar sheoladh Fhoclóir Béarla-Gaeilge nua Fhoras na Gaeilge ag ócáid sa Ghailearaí Náisiúnta i mBaile Átha Cliath. Is é Uachtarán na hÉireann, Michéal D. Ó hUiginn a sheol an fhoclóir nua seo.*



9

## SUÍOMH GRÉASÁIN & NA MEÁIN SHÓISIALTA

### WWW.GLEG.IE




*Figiúr 9.1: Líon na gCuairteoirí agus na gCuairteanna ar shuíomh Ghaillimh le Gaeilge le linn 2013*

Ar an meán, thug 1,438 duine cuairt ar an suíomh gréasáin **www.gleg.ie** gach mí idir Eanáir agus Nollaig 2013. I mí an Mhárta a bhí buaicphointe na gcuairteanna le 3,051 cuairt.

Le le linn na bliana, forbraíodh an suíomh gréasáin **www.gleg.ie** le cinntiú go mbeadh sé iomlán cruinn agus ceart i gcónaí ó thaobh an eolais ba dheireanaí i dtaca le gach gné d'obair Ghaillimh le Gaeilge.




le Gaillimh le Gaeilge líon na leantóirí ar an dá shuíomh shóisialta seo a mhéadú le linn 2014:

| | LÍON NA LEANTÓIRÍ 2012 | LÍON NA LEANTÓIRÍ 2013 | MÉADÚ |
|---|---|---|---|
| TWITTER: | 841 | 1,340 | 59% (499 LEANTÓIR) |
| FACEBOOK: | 576 | 691 | 20% (115 LEANTÓIR) |

# BUAICPHOINTÍ GHAILLIMH LE GAEILGE 2013

## STÁDAS DÁTHEANGACH A BHAINT AMACH DO CHATHAIR NA GAILLIMHE - NORMALÚ NA GAEILGE I gCATHAIR NA GAILLIMHE, A CHUR CHUN CINN TRÍ MHODHANNA SCRÍOFA, CLOSTUISCEANA, LEICTREONACHA AGUS LABHARTHA.

10

### POIBLÍOCHT

Cuid riachtanach d'obair Ghaillimh le Gaeilge is ea a bheith ag obair leis na meáin chumarsáide chun íomhá dhearfach a chinntiú don obair atá ar siúl sa chathair chun stádas dátheangach oifigiúil a bhaint amach di. Ár mbuíochas leo siúd go léir a chuidigh linn san obair sin. I rith 2013, rinneadh taifead ar Ghaillimh le Gaeilge 81 uair ina iomláine sna meáin chumarsáide.

### NUACHTÁIN AGUS NA MEÁIN PHRIONTÁILTE

Tuairiscíodh ar an obair sna nuachtáin áitiúla agus sna meáin chumarsáide 40 uair i 2013:

| Dáta | Páipéar |
|---|---|
| 30/10/2013 | Galway Independent |
| 24/10/2013 | Galway Advertiser |
| 03/07/2013 | Galway Independent |
| 28/06/2013 | Galway City Tribune |
| 26/06/2013 | Galway Independent |
| 10/06/2013 | Nuachtlitir Chumann Tráchtála na Gaillimhe |
| 30/05/2013 | Galway City Tribune |
| 24/05/2013 | Galway City Tribune |
| 22/05/2013 | Galway Independent |
| 09/05/2013 | Nuachtlitir Chumann Tráchtála na Gaillimhe |
| 03/05/2013 | Galway City Tribune |
| 02/05/2013 | Nuachtlitir Ionad na Faiche Móire |
| 25/04/2013 | Galway Advertiser |
| 24/04/2013 | Galway Independent |
| 24/04/2013 | Galway Independent |
| 23/04/2013 | Galway City Sentinel |
| 16/04/2013 | Connacht Sentinel |
| 11/04/2013 | Galway Advertiser |
| 02/04/2013 | Galway Now Magazine |
| 21/03/2013 | Galway Advertiser |
| 20/03/2013 | Galway Independent |
| 20/03/2013 | Foinse |
| 19/03/2013 | Galway City Sentinel |
| 14/03/2013 | Galway Advertiser |
| 13/03/2013 | Irish Examiner |
| 07/03/2013 | Galway Advertiser |
| 21/02/2013 | Galway Advertiser |
| 08/02/2013 | Galway City Tribune |
| 08/02/2013 | Galway City Tribune |
| 07/02/2013 | Galway Advertiser |
| 07/02/2013 | Nuachtlitir Chumann Tráchtála na Gaillimhe |
| 05/01/2013 | Galway City Sentinel |
| 29/01/2013 | Galway City Sentinel |
| 25/01/2013 | Galway City Tribune |
| 24/01/2013 | Galway Advertiser |
| 18/01/2013 | Galway City Tribune |
| 17/01/2013 | Galway Advertiser |
| 16/01/2013 | Galway Independent |
| 02/01/2013 | Gaelscéal |
| 16/01/2013 | Nuachtlitir Chumann Tráchtála na Gaillimhe |



20 NEWS

**City bilingual campaign grows in strength as more firms join**

BY BERNIE NÍ FHLATHARTA

**THE support of retail giants for the Irish language further strengthens the bi-lingual reputation of Galway, the organisation behind the campaign has said this week.**

Gaillimh le Gaeilge, which has been promoting and supporting the bi-lingual campaign in the city for the past ten years, is thrilled that Tesco has included new bi-lingual signs in their refurbished store in the Galway Shopping Centre.

The Irish and English signs all over the shop is exactly what the organisation encourages among retailers, according to Gaillimh le Gaeilge's Senior Executive, Bríd Ní Chonghoile.

The organisation has always claimed that the Irish language is worth a substantial amount of money to the city each year, through tourism and day to day business.

A specially commissioned study carried out in NUI Galway five years ago found the local economy benefited to the tune of €32 million through tourism alone because of the Irish language.

She said Gaillimh le Gaeilge's role in encouraging local and international businesses to incorporate the Irish language into the overall image of their business would continue as it promoted Galway as a bi-lingual city.

"The Irish language is of particular importance to the city, not only culturally and from a heritage point of view but is of benefit to the economy.

"We will be encouraging others as we have seen that it already attracts visitors to the city who appreciate the bi-lingual aspect of Galway."

Tesco Galway has recently revamped their signage and maintained the strong bilingual image in both stores in the Galway Shopping Centre on the Headford Road.

"We are delighted to play our part in supporting the Irish language, particularly in Galway," said Michael Sullivan of Tesco Corporate Affairs.

"As a company, we made a decision to introduce dual-language aisle signage and this is being rolled out to all stores as they are being refitted, to-date we have around 24 stores with the dual-language aisle signage with more to come".

Another international name FujiFilm has recently moved to a new premises in the Corbett Shopping Centre and has introduced bilingual signage in their new store.

"And what can be more local in Galway than the Irish language and the Claddagh. Hence, when moving, we brought along the photo of our favourite Hooker and incorporated our native language into all our new signage," said Niall Considine of FujiFilm.

The Connacht Hotel on the Dublin Road has also developed new bilingual signage, stationery and menus in the hotel. General Manager of the hotel, Shay Livingstone said the hotel was delighted to implement the Irish Language as part of the hotels recent rebranding strategy. Also joining the campaign is taxi driver and owner of 'Local Taxis Galway', Antonio Lusevi.

Bríd Ní Chonghoile: "The Irish language is of particular importance to the city."



Education, Training

**Irish language working for local businesses**



## MEÁIN AR LÍNE, RAIDIÓ & TEILIFÍS:

Rinneadh taifead ar Ghaillimh le Gaeilge 41 uair ar Raidió & Teilifís in 2013:

| Dáta | Stáisiúin – Clár – Suíomh Gréasáin |
|---|---|
| 06/11/2013 | Nuacht 24.com |
| 06/09/2013 | Raidió Fáilte Béal Feirste |
| 08/07/2013 | Saol.com |
| 02/07/2013 | Gaelport.com |
| 01/07/2013 | Nuacht 24.com |
| 30/05/2013 | RTÉ Raidió na Gaeltachta |
| 29/05/2013 | TG4 |
| 06/11/2013 | Nuacht 24.com |
| 09/05/2013 | Galway Bay FM |
| 26/04/2013 | Gaelport.com |
| 25/04/2013 | Gaelport.com |
| 24/04/2013 | Foinse.ie |
| 23/04/2013 | RTÉ Raidió na Gaeltachta |
| 19/04/2013 | Galway Bay FM |
| 19/04/2013 | RTÉ Raidió na Gaeltachta |
| 18/04/2013 | RTÉ Raidió na Gaeltachta |
| 18/04/2013 | Galway Bay FM |
| 14/03/2013 | Gaelport.com |
| 13/03/2013 | RTÉ Raidió 1 |
| 13/03/2013 | Galway Bay FM (Suíomh Gréasáin) |
| 13/03/2013 | RTÉ Raidió na Gaeltachta |
| 12/03/2013 | Galway Bay FM |
| 12/03/2013 | Galway Bay FM |
| 12/03/2013 | RTÉ Raidió na Gaeltachta |
| 11/03/2013 | Galway Bay FM |
| 07/03/2013 | Gaelport.com |
| 25/02/2013 | RTÉ Raidió na Gaeltachta |
| 22/02/2013 | RTÉ Raidió na Gaeltachta |
| 13/02/2013 | Flirt FM |
| 06/02/2013 | Galway Bay FM |
| 05/02/2013 | Galway Bay FM |
| 05/02/2013 | Galway Bay FM |
| 04/02/2013 | Galway Bay FM |
| 31/01/2013 | Galway Bay FM |
| 30/01/2013 | Galway Bay FM |
| 29/01/2013 | Galway Bay FM |
| 29/01/2013 | Gaelport.com |
| 29/01/2013 | RTÉ Raidió na Gaeltachta |
| 29/01/2013 | Galway Bay FM |
| 23/01/2013 | Galway Bay FM |
| 23/01/2013 | Galway Bay FM |



July 4 2013

Councillor Ollie Crowe, Anthony Ryan, chairman, Galway City Business Association, Pat Joyce, Joyce's Supermarket (sponsor of the Fulacht Fia), and Seán Stewart, Stewart (sponsor of the Fulacht Fia) at the 'Fulacht Fia' Chairde Ghaillimh le Gaeilge in The Ardilaun hotel, Taylor's Hill, Gaillimh. The Fulacht Fia officially concludes Gaillimh le Gaeilge's networking events for the year and provides the organisation with an opportunity to say 'míle buíochas' to Cairde and to all those who have supported them in the promotion of the Irish language in Galway city in order to gain bilingual status. The Fulacht Fia is sponsored by Cairde Ghaillimh le Gaeilge, Stewart, Joyce's Supermarket, and Údarás na Gaeltachta.

Pat Joyce, Joyce's Supermarket (sponsor of the Fulacht Fia), Anthony Ryan, chairman, Galway City Business Association, Mayor of the City of Galway, Cllr Terry O'Flaherty, Steve Ó Cúláin, príomhfheidhmeannach Údarás na Gaeltachta (sponsor of the Fulacht Fia), Paul Stewart, Stewart (sponsor of the Fulacht Fia), and Aodán Mac Cormaic, An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta at the Fulacht Fia Chairde Ghaillimh le Gaeilge in The Ardilaun hotel, Taylor's Hill, Gaillimh.

Stephanie Connolly, Máire Ní Chonraoí, and Joyce Davy, Joyce's Supermarket, at the Fulacht Fia Chairde Ghaillimh le Gaeilge in The Ardilaun hotel, Taylor's Hill, Gaillimh.

"Ba mhaith linn tréaslú leis na heagraíochtaí agus na daoine uile i gCathair na Gaillimhe atá ag déanamh sároibre i gcur chun cinn na Gaeilge agus mar thoradh air sin ag cur Chathair na Gaillimhe chun cinn mar Chathair Dhátheangach." Coiste Stiúrtha Ghaillimh le Gaeilge

# DLÚTHCHAIRDE GHAILLIMH LE GAEILGE, 2013

An Roinn
Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of
Arts, Heritage and the Gaeltacht

Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

GAA
GAILLIMH

Eyre Square Centre

Údarás na Gaeltachta

GMIT
GALWAY-MAYO INSTITUTE OF TECHNOLOGY
INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA NA GAILLIMHE-MAIGH EO

OÉ Gaillimh
NUI Galway

post

TG4

Galway Advertiser

The GALLEON
Licenced Café & Restaurant

**Faigheann Gaillimh Le Gaeilge maoiniú ón gCrannchur Náisiúnta tríd An Roinn Ealaíon, Oidhreachta & Gaeltachta, ó Chomhairle Cathrach Na Gaillimhe agus ó Chairde Ghaillimh Le Gaeilge i gcomhar le Cumann Tráchtála na Gaillimhe.**

